Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# TEASTAS SÓISEARACH 2011

# SCÉIM MHARCÁLA

# GAEILGE

# ARDLEIBHÉAL

# TREORACHA GINEARÁLTA

1. Le linn na marcála ní mór chloí go dlúth leis an Scéim seo, le cibé leasuithe a dhéanfar uirthi ag an gComhdháil Mharcála, agus le cibé treoracha eile a thabharfar ag an gComhdháil nó ina dhiaidh sin.

2. Ní mór don Scrúdaitheoir Cúnta an mharcáil ar na freagarleabhair a dhéanamh i ndúch dearg. Ní mór botúin a mharcáil (níl ceartú i gceist) trí líne dhearg a tharraingt fúthu.

3. Ní mór na marcanna a bhronntar ar fhoranna éagsúla na gceisteanna agus na bhfocheisteanna (de réir mar a áireofar ag an gComhdháil iad) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chuí ar na freagarleabhair.

4. Ní ceart don Scrúdaitheoir Cúnta aon rud a scríobh i gcorp an fhreagarleabhair ach amháin marcanna, comharthaí, ticeanna, línte.

5. Dírítear aird an Scrúdaitheora Chúnta ar a bhfuil i gceist sna treoracha ar **leathanach 7** den cháipéis seo maidir le hiarrthóirí a bhfuil oiriúntas réasúnta ceadaithe dóibh.

| **CLUASTUISCINT** | **(40 marc)** |
|---|---|
| **N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh i nGaeilge ach **amháin** nuair nach gá sin. | |

**Treoracha**

1. Más léir go bhfuil an freagra ag teacht leis an rud a chuala an t-iarrthóir agus go bhfuil iarracht mhacánta déanta ag an iarrthóir an focal / na focail a litriú go cruinn d'réir na foghraíochta, glac leis mar fhreagra.

**PÁIPÉAR 1**
**(200 marc)**

| **ROINN I** | **AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA** | **40 MARC** |
|---|---|---|
| **N.B.** Ní mór na freagraí ar fad a scríobh as Gaeilge ach **amháin** sna cásanna nach bhfuil gá leis. | | |

**Cuid A** (18 marc)

Naoi mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 9 = 18 marc.**

**Cuid B** (10 marc)

Cúig mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 5 = 10 marc.**

**Cuid C** (12 mharc)

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 6 = 12 mharc.**

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, 7rl, is féidir uasmhéid 2 mharc a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as 40 marc) ag an deireadh.

| **ROINN II** | **LÉAMHTHUISCINT** | **40 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 1 (40 marc)**

Freagair A ***agus*** B anseo.

**A. (20 marc)**

Tá cúig cheist, (i) – (v) le freagairt.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (i): (a) 2 (b) 2 = 4 mharc.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (ii): (a) 2 (b) 2 = 4 mharc.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (iii): (a) 2 (b) 2 = 4 mharc.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (iv): (a) 2 (b) 2 = 4 mharc.
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (v): 2+2 = 4 mharc.

**4 mharc x 5 = 20 marc**

**B. (20 marc)**

Tá cúig cheist, (i) – (v) le freagairt.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (i): (a) 2 (b) 2 = 4 mharc.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (ii): (a) 2 (b) 2 = 4 mharc.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (iii): (a) 2 (b) 2 = 4 mharc.
Tá freagra ceart **amháin** ar cheist (iv) = 4 mharc.
Tá freagra ceart **amháin** ar cheist (v) = 4 mharc.

**N.B.** Is féidir uasmhéid 3 mharc a bhaint den iomlán ag an deireadh i ngeall ar easpa cúraim i láimhseáil na teanga.

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 2 (20 marc)**

Freagair A ***nó*** B anseo.

**A. (20 marc)**

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá mharc** ar gach mír eolais atá ceart.
Má tá dhá chuid sa bhfreagra ceart, m.sh. **níor ➔ní = (1 mharc) + ligeann = (1 mharc)**
Bronntar **1 + 1** ar an bhfreagra ceart.
**2 mharc x 5 = 10 marc.**

**B. (20 marc)**

Tá **cúig** mhír eolais á lorg anseo.
Ná cuirtear an chéad abairt san áireamh.
Bronntar **dhá mharc** ar gach mír eolais atá ceart.
Má tá dhá chuid sa bhfreagra ceart, m.sh. **dhá mhíle = (1 mharc) + is a ceathair = (1 mharc)**
Bronntar **1 + 1** ar an bhfreagra ceart.
**2 mharc x 5 = 10 marc.**

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 4. (50 marc)**

Ní gá níos mó ná **leathanach go leith** a scríobh.

**Ábhar**: 10 marc. **Gaeilge**: 40 marc. 10 + 40 = **50 marc**.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B, C** agus **D**.

**Nóta**: I gcás **Roinn IV** thuas bheifí ag súil le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus na marcanna don chumas Gaeilge.

**PÁIPÉAR II**
**(90 marc)**

| **ROINN I** | **PRÓS LITEARTHA** | **30 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 1. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: **4 mharc** (2 + 2) x 3 = 12 mharc.
- **Gaeilge**: **3 mharc.**

**Buntuiscint**: (i), (ii) agus (iii) = 2 + 2 = iomlán (4 x 3 = 12 mharc).
**Léirthuiscint**: (i) dhá shampla = 1 + 1; léiriú = 2 = iomlán (4 mharc).
(ii) dhá chosúlacht = 1 + 1; léiriú = 2 = iomlán (4 mharc).
(iii) críoch shásúil; léiriú = 2 + 2 = iomlán (4 marc).

- **Gaeilge**: **3 mharc.**

**Ceist 2. (15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an tsaothair** = 1 mharc
**Ainm an údair** = 1 mharc } **2 mharc.**

**A (ii)** *agus* **B (ii)** **Ábhar**: 5 mharc. **Gaeilge**: 8 marc.

**A** ***nó*** **B: 1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.**

| **ROINN II** | **FILÍOCHT** | **30 MARC** |
|---|---|---|

**Ceist 3. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: **4 mharc** (4 x 3) = 12 mharc.
- **Gaeilge**: **3 mharc**.

Buntuiscint: 2 + 2 = (i) (ii) agus (iii) = iomlán (4 x 3 = 12 mharc).
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (i): (a) 2 (b) 2 = 4 mharc.
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (ii): 2 + 2 = 4 mharc.
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (iii): 2 + 2 = 4 mharc.

Léirthuiscint: 2 + 2 = (i) (ii) agus (iii) = iomlán (4 x 3 = 12 mharc).
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (i): (a) 2 (b) 1 + 1 = 4 mharc.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (ii): (a) 2 (b) 1 + 1 = 4 mharc.
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (iii): mír a haon 2 + mír a dó 1 + 1 = 4 mharc.

- **Gaeilge:** **3 mharc**.

**Ceist 4. (15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an dáin** = 1 mharc
**Ainm an fhile** = 1 mharc } **2 mharc.**

**A (ii)** *agus* **B (ii)**

- **Ábhar**: 5 mharc.
- **Gaeilge**: 8 marc.

**A** *nó* **B**: **1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.**

**Ceist 5**

Tá **A, B** agus **C** ar cómharc.

- **Foirmlí Ceiliúrtha:** 3 mharc
- **Ábhar:** 10 marc.
- **Gaeilge:** 17 marc.

**3 + 10 + 17 = 30 marc.**

**Treoracha maidir le dáileadh marcanna:**

**1. Na Foirmlí Ceiliúrtha:**

| | |
|---|---|
| **Seoladh:** | 1 mharc. |
| **Beannú:** | 1 mharc. |
| **Críoch:** | 1 mharc. |

**2.** Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

**3.**

| | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| **Na cúig thasc comhlíonta** | Marc **as** 10 | Marc **as** 17 |
| **Ceithre thasc comhlíonta** | Marc **as** 8 | Marc **as** 14 |
| **Trí thasc comhlíonta** | Marc **as** 6 | Marc **as** 11 |
| **Dhá thasc comhlíonta** | Marc **as** 4 | Marc **as** 8 |
| **Tasc amháin comhlíonta** | Marc **as** 2 | Marc **as** 5 |

- **Eolas:** ‘0’(náid) ar eolas ➔‘0’(náid) ar Ghaeilge.

**4.** Litreacha neamhfhoirmeálata is ea **A** agus **B**. (Beannú; Críoch)

Litir fhoirmeálta is ea **C**. (Beannú; Críoch)

## OIRIÚNTAS RÉASÚNTA

Tá roinnt leasuithe ar an Scéim Mharcála le cur i bhfeidhm i gcás iarrthóirí a bhfuil socruithe speisialta, i gcás na marcála, ceadaithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit dóibh agus a bhfuil réiltíní in aice lena scrúduimhreacha ar na Leatháin Mharcála.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm sna cásanna seo:

**1)** Iarrthóirí a bhfuil cealú (waiver) ceadaithe dóibh maidir le litriú agus gramadach. Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

**2)** Iarrthóirí a d'úsáid

- scríobhaí
- téipthaifeadán
- próiseálaí focal nó ríomhaire.

Cuirtear an scéim mhodhnaithe i bhfeidhm.

I gcás aon iarrthóra a bhfuil oiriúntais réasúnta faofa dó/di iarrtar ar an scrúdaitheoir é/í a mharcáil sa ghnáthshlí d'réir na scéime marcála. Féach thíos mar a chuirtear an scéim i bhfeidhm.

### PÁIPÉAR 1 (S7)

| ROINN I | CLUASTUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**Treoir**: Ná baintear aon mharc d'aon iarrthóir i ngeall ar easpa cruinnis, 7rl faoi mar atá treoraithe ar Lch 3 den scéim mharcála seo.

Scríobh **G. (OR) = - 0 sa fhreagarleabhar.**

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 1 + Ceist 2 (20+20)**

**Treoir**: Ná baintear aon mharc (as an uasmhéid 3 mharc is féidir a bhaint) 'i ngeall ar easpa cúraim i láimhseáil na teanga', faoi mar atá treoraithe ar Lch 3 den scéim mharcála seo.

Scríobh **G. (OR) = - 0 sa fhreagarleabhar.**

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 2 (20 marc)**

**Treoir**: Glactar leis an bhfreagra chomh fada agus go bhfuil comhréir na habairte agus an fhoghraíocht i gceart.

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3 (50 marc)**

**Ábhar**: 10 marc. **Gaeilge**: 40 marc. 10 + 40 = 50 marc.

**Gaeilge: 40 marc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

10 – 14: + **1**. 15 – 24: + **2**. 25 – 34: + **3**.

35 – 36: + **4**. 37, 38, 39 > **40**.

Scríobh **G. (OR) = + 1, 2, 3, 4 agus 7rl sa fhreagarleabhar.**
**m.s. G = 13 ⟹ G. (OR) + 1 = 14.**

**PÁIPÉAR II (S8)**

| ROINN I | PRÓS LITEARTHA | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 1.**

Trí cheist: **Tuiscint:** 12 mharc.
**Gaeilge:** 3 mharc

**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.
Scríobh **G. (OR) = + 1, 2,** nó **3 mharc sa fhreagarleabhar.**

**Ceist 2**
**Gaeilge: 8 marc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + **1**. 5 – 6: + **2**. 7 > **8**.
Scríobh **G. (OR) = + 1, 2 mharc 7rl sa fhreagarleabhar.**

| ROINN II | FILÍOCHT | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3**

Trí cheist: **Tuiscint:** 12mharc.
**Gaeilge:** 3 mharc.

**Treoir**: Tugtar an marc don Ghaeilge d'aon iarrthóir a ghnóthaigh marc ar Thuiscint.
Scríobh **G. (OR) = + 1, 2,** nó **3 mharc sa fhreagarleabhar.**

**Ceist 4**

**Gaeilge: 8 marc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

2 – 4: + **1**. 5 – 6: + **2**. 7 > **8**.
Scríobh **G. (OR) = + 1, 2 mharc 7rl sa fhreagarleabhar.**

| ROINN III | LITIR | 30 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 5.**

**Gaeilge: 17 marc**.

**Treoir**: An marc a ghnóthaigh an t-iarrthóir don Ghaeilge a mhéadú mar seo a leanas:

4 – 7: **+ 1.** 8 – 11: **+ 2**. 12 – 14: **+ 3**. 15, 16 > **17**.
Scríobh **G. (OR) = + 1, 2 mharc 7rl sa fhreagarleabhar.**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit 2011

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH

-----------------------------------

## GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

----------------------------------------------------

## TRIAIL CHLUASTUISCEANA

-----------------------------------

## TÉACS

----------------

## CUID A

## AN CHÉAD CHAINTEOIR

Is mise Cáit Ní Riain. Táim i mo chónaí sa Daingean i gContae Chiarraí. Bhí mo mháthair ag obair in óstán ach chaill sí a post anuraidh. Marcaíocht chapall an caitheamh aimsire is fearr liom. Tá capall bán agam. Sneachta is ainm dó. Ba mhaith liom dul isteach san airm amach anseo.

## AN DARA CAINTEOIR

Cén chaoi a bhfuil sibh? Seán Ó Conaire anseo. Rugadh mé in Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe. Tá mé ag freastal ar scoil chónaithe. Imrím sacar le Gaillimh Aontaithe. Bhí cúpla triail agam i Sasana sa samhradh. Shínigh mé conradh bliana le Leeds United an tseachtain seo caite. Tá súil agam go n-éireoidh liom ann. Is é Kevin Doyle an t-imreoir sacair is fearr liom.

## CUID B

## FÓGRA

Beidh Fleá Ceoil na hÉireann ar siúl i mbaile mór an Chabháin i mbliana. Beidh sé ar siúl i mí Lúnasa. Tá traidisiún fada ceoil agus amhránaíochta sa cheantar. Tá gach eolas faoin bhFleá le fáil ag www.fleadh2011.ie .

## PÍOSA NUACHTA

Bhí an t-óstán *Knockranny House* i gCathair na Mart sa nuacht le déanaí. Bhuaigh sé an chéad duais i gComórtas Bialanna na hÉireann. Bronnadh an trófaí ag ócáid speisialta san Óstán Burlington i mBaile Átha Cliath. Bhí seacht gcéad duine i láthair ag an ócáid.

.

## CUID C

## CÓMHRÁ A hAON

Brian: Goidé mar atá tú, a Úna? Brian Ó Néill anseo.

Úna: Níl Úna anseo faoi láthair ach fág teachtaireacht……….
(*Tosaíonn Úna ag gáire*).

Brian: Éirigh as an bpleidhcíocht a Úna. Táim ag lorg nótaí Staire?

Úna: Brón orm, a Bhriain. Goidé a dúirt tú?

**SOS**

Brian: An bhfuil na nótaí a fuaireamar faoi *Michael Collins* agat?

Úna: Tá cinnte. Tá na nótaí staire agam. An bhfuil a fhios agat go bhfuil siad ar shuíomh gréasáin na scoile fosta?

Brian: Tá a fhios agam sin ach níl banda leathan againn sa bhaile.

Úna: Ná bíodh imní ort, a Bhriain. Tabharfaidh mé na nótaí staire duit amárach.

## CÓMHRÁ A DÓ

Antain: Haigh, a Neasa.

Neasa: Heilleo, a Antain. Cén chaoi a bhfuil tú?

Antain: Go maith a Neasa. Bhí mé ag *Féile Ocsaigine* i mbliana. Bhí na bannaí ceoil ar fheabhas. An raibh tusa ann?

Neasa: Ní raibh. Bhí mé thar lear.

Antain: Thar lear! Nach méanar do dhaoine áirithe?

**SOS**

Neasa: Oibríonn mo dhaid thar lear.

Antain: Bhí an banna ceoil *Arcade Fire* ag *Féile Ocsaigine* i mbliana. An maith leat iad?

Neasa: Is aoibhinn liom iad.

Antain: Feicfidh tú arís iad. Beidh siad san *O2* i mí na Samhna.

| SCRÚDUIMHIR ☞ | |
|---|---|

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2011**

---

**GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR 1**

**(150 MARC)**

**DÉARDAOIN, 9 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 go dtí 11.30**

## Don Scrúdaitheoir

| CUID | A | | B | | C | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| CEIST | 1 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 | IOMLÁN |
| MARC | | | | | | | |
| Cluastuiscint→ | | | GAEILGE→ | | | | |
| | | | Iomlán na marcanna → | | | | |

**STAMPA AN IONAID**

**N.B. Caithfear an scrúdpháipéar seo a thabhairt ar ais le do fhreagarleabhar.**
Scríobh freagraí ROINN I ar an scrúdpháipéar féin.
Scríobh freagraí ROINN II, ROINN III agus ROINN IV i do fhreagarleabhar.

**CT = 40**

| ROINN I | CLUASTUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**N.B. NÍ MÓR NA FREAGRAÍ AR FAD A SCRÍOBH AS GAEILGE ACH AMHÁIN NUAIR NACH GÁ SIN.**

Maidir le heaspa cruinnis, ráitis nach abairtí i gceart iad (nuair a bhíonn a leithéidí á n-éileamh), fíor-dhrochlitriú, 7rl., is féidir uasmhéid 2 mharc a bhaint den iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir (as **40 marc**) ag an deireadh.)
Scríobh **G. (OR) = - 0 sa fhreagarleabhar.**

**CUID A (18 marc)**

Naoi mír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 9 = 18 marc.**

**1. AN CHÉAD CHAINTEOIR**

| **Ainm** | **Cáit Ní Riain** | |
|---|---|---|
| Cá bhfuil Cáit ina cónaí? | • **Sa Daingean i gCo Chiarraí / Daingean √**<br>• **Co. Chiarraí / Ciarraí.** | **2** |
| Cad a tharla dá máthair anuraidh? | • **Chaill sí a post. √** | **2** |
| Breac síos **dhá** phointe eolais faoin gcapall atá ag Cáit | • **Tá dath bán air / bán. √** | **2** |
| | • **Sneachta is ainm dó / Sneachta. √** | **2** |
| Cad ba mhaith le Cáit a dhéanamh amach anseo? | • **Dul isteach san airm / san airm / airm. √** | **2** |

**10**

**2. AN DARA CAINTEOIR**

| **Ainm** | **Seán Ó Conaire** | |
|---|---|---|
| Cár rugadh Seán? | • **In Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe √**<br>• **In Uachtar Ard**<br>• **Co. na Gaillimhe / Gaillimh.** | **2** |
| Cé leis a n-imríonn sé sacar? | • **Gaillimh Aontaithe / Gaillimh. √** | **2** |
| Cad a rinne sé an tseachtain seo caite? | • **Shínigh sé (conradh bliana) le Leeds United / shínigh sé conradh √**<br>• **Shínigh sé le Leeds United (Leeds).** | **2** |
| Ainmnigh an t-imreoir is fearr leis. | • **Kevin Doyle. √** | **2** |

**8**

**18**

**CUID B (10 marc)**

Cúig mhír eolais á lorg, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 5 = 10 marc** (Ceist (b) sa Phíosa Nuachta = 1+1)

**1.** **FÓGRA**

**(a)** Cá mbeidh Fleá Cheoil na hÉireann ar siúl i mbliana?

- **I mbaile mór an Chabháin** √ **2**
- **Cabhán.**

**(b)** Cathain a bheidh an Fhleá Cheoil ar siúl?

- **I mí Lúnasa / Lúnasa.** √ **2**

**(c)** Cá bhfuil gach eolas faoin bhFleá Cheoil le fáil?

- **Ag www.flea2011.ie / flea2011.ie** √ **2**
- **Ar an suíomh idirlín / idirlíon.** **6**

2. **PÍOSA NUACHTA**

**(a)** Cén comórtas a bhuaigh *Knockranny House* le déanaí?

- **Comórtas Bialannna na hÉireann / Comórtas Bialanna / Bialanna na hÉireann.** √ **2**

**(b)** Luaigh **dhá** phointe eolais faoin ócáid speisialta a bhí in Óstán an Bhurlington.

- **Bhí seacht gcéad (700) duine i láthair** √ 1 mharc
- **Bronnadh an trófaí.** √ 1 mharc
- **I mBaile Átha Cliath.**

**2**

**4**

**10**

**CUID C (12 mharc)**

Sé mhír eolais, dhá mharc an ceann.

**2 mharc x 6 = 12 mharc**

**1. COMHRÁ A hAON**

**An Chéad Mhír**

**(a)** Cén freagra a thug Úna ar Bhrian nuair a ghlaoigh sé?

- **Níl Úna anseo faoi láthair √** **2**
- **Fág teachtaireacht.**

**(b)** Cén fáth ar ghlaoigh Brian ar Úna ?

- **Chun nótaí staire a fháil uaithi √** **2**
- **Bhí sé ag lorg nótaí Staire**
- **Nótaí Staire.**

**An Dara Mír**

**(c)** Cén socrú a rinne Úna le Brian?

- **Go dtabharfadh sí na nótaí dó an lá dar gcionn √**
(Briathar A.F. / M.C. / Ainm Briathra) **2**
- **Thabharfadh sí na nótaí dó an lá dar gcionn** **6**
- **Na nótaí Staire a thabhairt dó**
- **Tabharfaidh sí na nótaí dó amárach / tabharfaidh sí na nótaí Staire.**

**2. COMHRÁ A DÓ**

**An Chéad Mhír**

**(a)** Cén fáth nach raibh Neasa ag Féile Ocsaigine?

- **Bhí sí thar lear / thar lear. √** **2**

**An Dara Mír**

**(b)** Ainmnigh an banna ceoil is aoibhinn le Neasa.

- **Arcade Fire. √** **2**

**(c)** Cá mbeidh an banna ceoil seo i mí na Samhna?

- **San O2 / O2. √** **2**

**6**

**12**

**C.1 = 40** **20 + 20**

| ROINN II | LÉAMHTHUISCINT | 40 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 1.** Freagair **A** *agus* **B** anseo thíos.
Tá cúig cheist, (i) – (v) le freagairt. Tá dhá fhocheist, (a) agus (b), i gcás (i) go (iv) agus dhá mhír eolais á lorg i gcás (v). Ó thaobh na marcála de is ionann sin agus deich gceist. Bronntar **2 mharc** ar an mír eolais cheart i ngach cás.
**2 mharc x 10 = 20 marc**

**A (20 marc)**

## Pioc Suas Piongain

**1**. Ar an 8 Iúil 2010, thug oibrí i Zú Bhaile Átha Cliath le fios don Gharda Síochána go raibh piongain ar iarraidh ón zú. Bhí mionshlis nó raidió beag greamaithe den phiongain agus bhí muintir an zú ábalta a insint don Gharda Síochána cá raibh an phiongain. Faoin am seo bhí an phiongain ar Shráid Rutland agus bhí tiománaithe ag déanamh a ndícheall gan an phiongain a bhualadh. Timpeall an ama chéanna fuair na gardaí i staisiún Sráid an Stórais teachtaireacht, 'Pioc suas piongain le bhur dtoil'. Phioc na gardaí suas an phiongain agus tugadh ar ais slán sábháilte chuig an zú í.

**2**. Níorbh fhada go raibh scéal na piongaine i mbéal an phobail agus ar an idirlíon. Bhí na meáin chumarsáide ag iarraidh píosaí an scéil a chur le chéile. Is mar seo a leanas a shíltear a tharla an eachtra. Am éigin roimh 8.30 ar maidin, ar an 8 Iúil 2010, bhris grúpa fear isteach sa zú. Dhreap siad an claí cosanta atá ceithre mhéadar ar airde agus thug siad aghaidh ar ionad na bpiongainí.

**3**. Sciob na fir piongain agus sháigh siad isteach i mála í. D'fhág siad an zú agus fuair siad tacsaí. Dúirt siad le fear an tacsaí go raibh coinín sa mhála acu. Scaoil fear an tacsaí a chuid paisnéirí amach cóngarach do lár na cathrach. Ní fios go díreach céard a tharla ansin ach síltear gur scaoil na gadaithe an phiongain amach ar Shráid Rutland.

**4**. Cérbh í an phiongain a goideadh? Kelli is ainm di. Tá sí aon bhliain déag d'aois. Tá comrádaí aici. Mick is ainm dó. Is den speiceas piongaine Humbold iad. Faightear an speiceas piongaine seo i Meirceá Theas, go háirithe sa tSile.

**5**. D'eisigh údarás an zú an ráiteas seo a leanas faoin eachtra: 'Tá áthas orainn go bhfuil Kelli ar ais linn arís, slán sábháilte. Ní haon chúis gháire í an saghas seo cleasaíochta, áfach. Bhris na daoine seo isteach sa zú agus ghoid siad éan. Is coir í seo. Tugadh drochíde don phiongain. Tá an t-ádh linn nach bhfuair an t-éan bás de bharr na geite a baineadh aisti.' D'aontaigh urlabhraí an Gharda Shíochána leis seo.

**Ceisteanna (iad ar cómharc)**

**(i)** (a) Cén dáta ar tharla an eachtra atá luaite sa sliocht?
- **Ar an 8 Iúil, 2010 / 8 Iúil / 08 07 10 / 08/07.**√ **2**

(b) Cén t-eolas a thug oibrí an zú don Gharda Síochána?
- **Bhí piongain ar iarraidh ón zú / cá raibh an phiongain** √ **2**
  **Bhí mionshlisín nó raidió beag greamaithe den phiongain.**

**(ii)** (a) Cén fhadhb a bhí ag tiomanáithe ar Shráid Rutland?
- **Bhí tiománaithe ag déanamh a ndícheall gan an phiongain a a bhualadh.** √ **2**

(b) Luaigh an teachtaireacht a fuair na gardaí i stáisiún Shráid an Stórais ?
- **Fuair siad teachtaireacht piongain a phiocadh suas** √ **2**

**(iii)** (a) Conas a bhris na gadaithe isteach sa sú?
- **Dhreap siad an claí cosanta agus thug siad aghaidh ar ionad na bPiongan** √ **2**
- **Chuaigh siad thar an gclaí cosanta.**

(b) Cén bhréag a d'inis na gadaithe do thiománaí an tacsaí?

- **Dúirt siad go raibh coinín acu sa mhála / bhí coinín sa mhála. √** **2**

**(iv)** (a) Cén aois í Kelli?

- **Tá sí aon bhliain déag d'aois / 11. √** **2**

(b) Luaigh pointe eolais **amháin** faoin speiceas piongaine Humbold.

- **Faightear an speiceas piongaine seo i Meirceá Theas, go háirithe sa tSile√** **2**
- **Faightear iad i Meiriceá Theas**
- **Faightear iad sa tSile**
- **Tá / bíonn siad sa tSile / i Meiriceá Theas (ag súil le briathar nó réamhfhocal m.s feiceann tú iad / feictear iad)**

**(v)** An léiríonn an ráiteas a d'eisigh údarás an zú go raibh siad míshásta?

**Taispeánann an ráiteas a d'eisigh an zú a míshástacht.**
**Dhá** phointe eolais mar thaca le mo fhreagra.

**Ní raibh siad míshásta mar**

- **Bhí áthas orthu go raibh Kelli ar ais leo arís √** **2**
- **Bhí Kelli slán sábháilte √** **2**
- **Ní bhfuair an t-éan bás.**

**Bhí siad míshásta mar**

- **Deir an ráiteas nach aon chúis gháire í an saghas seo cleasaíochta √** **2**
- **Deir an ráiteas gur choir a bhí ann, gur bhris na fir isteach agus gur ghoid siad éan √** **2**
- **Deir an ráiteas gur tugadh drochíde don phiongain**
- **Deir an ráiteas go raibh an t-ádh leo nach bhfuair an t-éan bás de bharr na geite**
- **Tríd síos ann tá ton/glór gearránach feargach le braistint sa ráiteas**
- **Deirtear, 'Tá áthas orainn go bhfuil Kelli ar ais linn arís, slán sábháilte. Ní haon chúis gháire í an saghas seo cleasaíochta, áfach. Bhris na daoine seo isteach san zú agus ghoid siad éan. Is coir í seo. Tugadh drochíde don phiongain. Tá an t-ádh linn nach bhfuair an t-éan bás de bharr na geite'**
- **Deirtear, 'D'eisigh údarás an zú an ráiteas seo a leanas faoin eachtra: 'Tá áthas orainn go bhfuil Kelli ar ais linn arís, slán sábháilte. Ní haon chúis gháire í an saghas seo cleasaíochta, áfach. Bhris na daoine seo isteach san zú agus ghoid siad éan. Is coir í seo. Tugadh drochíde don phiongain. Tá an t-ádh linn nach bhfuair an t-éan bás de bharr na geite a baineadh aisti.'**

20

**B (20 marc**

Tá cúig cheist, (i) – (v) le freagairt. Tá dhá fhocheist, (a) agus (b), i gcás (i) go (iii) agus pointe eolais **amháin** á lorg i gcás (iv) & i gcás (v). Ó thaobh na marcála de is ionann sin agus sé cheist le dhá mharc an ceann orthu agus dhá cheist le ceithre mharc an ceann orthu.
C. (i), C. (ii) & C.(iii) = 2 mharc x 6 = 12 mharc móide C. (iv) & C. (v) = 4 mharc x 2 – 8 marc.
Iomlán = 12 mharc + 8 marc = 20 marc.

## Bia na Mara

**1**. Molann bia-eolaithe agus dochtúirí do gach duine iasc a ithe cúpla uair sa tseachtain. Mar sin féin léiríonn suirbhéanna nach n-itheann ach 20% de mhuintir na hÉireann iasc dhá uair sa tseachtain. Táimid inár gcónaí ar oileán, an fharraige timpeall orainn, ach fós féin ní ithimid ár ndóthain iasc. Is ábhar iontais é sin gan aon dabht.

**2**. Bíonn daoine níos sláintiúla nuair a itheann siad iasc go rialta. Cosnaíonn an t-iasc sinn ar go leor galar. Tá Óimige 3 san iasc agus cabhraíonn sé le forbairt na hinchinne, na súl agus na néaróg i leanaí agus i ndaoine óga. Níl ár gcorp féin ábalta Óimige 3 a chur ar fáil ach tá Óimige 3 le fáil in éisc olúla. Tá sinc le fáil san iasc freisin. Cabhraíonn sinc linn craiceann sláintiúil a bheith againn. Tá vitimíní A agus D le fáil san iasc. Cuireann siad sin snás nádúrtha ar ár gcuid gruaige. Cabhraíonn vitimíní A agus D le radharc na súl freisin.

**3**. Is breá an rud é mar sin go mbíonn féile bhliantúil, *Féile Bhia na Mara* in Acaill, i gContae Mhaigh Eo. Ócáid cheiliúrtha bhia na mara atá ann. Tá 34 iasc difriúil le fáil sna farraigí thart ar chósta Acla. Bíonn an fhéile seo ar siúl i rith deireadh seachtaine i lár mhí Iúil. Sna 1950í agus sna 1960í bhíodh daoine ag iascaireacht liamhán gréine ar chósta Acla. Sna 1980í bhí shlatiascaireachta siorcanna ann. Cuireadh tús le Féile Bhia na Mara i 1993.

**4**. Tugtar cuireadh do chócaire cáiliúil taispeántas cócaireachta a chur ar siúl le linn na féile. Bhí Jenny Bristow ann anuraidh agus bhí Clodagh McKenna ann arú anuraidh. Tá clú agus cáil orthu mar go mbíonn cláir chócaireachta ar an teilifís acu agus tá leabhair chócaireachta scríofa acu freisin.

**Ceisteanna** (**iad ar cómharc**)

**(i)** (a) Cad a mholann bia-eolaithe agus dochtúirí dúinn?

- **Molann siad go n-íosfadh gach duine iasc cúpla uair sa tseachtain** √ **2**
- **Molann bia-eolaithe agus dochtúirí do gach duine iasc a ithe cúpla uair sa tseachtai**n
- **Iasc a ithe cúpla uair sa tseachtain**
- **Iasc a ithe go rialta / minic**

(b) Cad a chuireann iontas ar ar an údar?

- **Ní ithimid ár ndóthain iasc** √ **2**
- **Cé go gcónaimid ar oileán (an fharraige timpeall orainn) ní ithimid ár ndóthain iasc**
- **Go léiríonn suirbhéanna nach n-itheann ach 20% d'Éireannaigh iasc dhá uair sa tseachtain.**

**(ii)** (a) Conas a chabhraíonn Óimige 3 linn?

- **Tá Óimige 3 cabhrach d'fhorbairt inchinne, súl agus néaróg i leanaí agus i ndaoine óga** √ **2**

(b) Cá bhfaigheann ár gcorp Óimige 3?

- **Ó éisc olúla / éisc / iasc √** **2**
- **Níl ár gcoirp féin ábalta Óimige 3 a chur ar fáil ach faightear Óimige 3 in éisc olúla.**

**(iii)** (a) Cé mhéad cineál iasc atá ar fáil sna farraigí thart ar chósta Acla?

- **Tá 34 iasc difriúil le fáil sna farraigí ar chósta Acla / 34. √** **2**

(b) Luaigh cúis **amháin** a bhfuil clú agus cáil ar Jenny Bristow agus ar Chlodagh McKenna.

- **Tá clú agus cáil orthu mar bíonn cláir chócaireachta ar an teilifís acu √** **2**
- **Tá clú agus cáil orthu freisin mar bíonn cláir chócaireachta ar an teilifís acu agus tá leabhair chocaireachta scríofa acu freisin.'**

**(iv)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
**'Is oiriúnach an ait í Acaill d'fhéile bhia na mara.'**

- **Alt 3.** **4**

**(v)** Cén t-alt sa sliocht thuas a dtagraíonn an abairt seo a leanas dó?
'**Déanann bia na mara maitheas dúinn ar go leor bealaí**.'

- **Alt 2.** **4**

**20**

N.B. Is féidir uasmhéid 3 mharc a bhaint den iomlán ag an deireadh i ngeall ar easpa cúraim i láimhseáil na teanga.

**C. 2 = 20** **10 + 10**

| ROINN III | TRIALACHA TEANGA COMHTHÉACSÚLA | 20 MARC |
|---|---|---|

**Scríobh freagraí ROINN III i do fhreagarleabhar.**

**Ceist 2.** Freagair **A** *agus* **B** anseo.

**A (10 marc)**

## Rún Cheanannais

**Chónaigh** Breandán, buachaill óg, lena uncail crosta, Ceallach, sa mhainistir i gCeanannas. **Ba** é guth Mick Lally, an t-aisteoir a fuair bás an bhliain seo caite, a **chualamar** i bpáirt Bhreandáin sa scannán. **Níor lig** Ceallach do Breandán dul lasmuigh de theorainn na mainistreach. Lá amháin **tháinig** manach ó Oileán Í go dtí an mhainistir, é ar teitheadh ó na Lochlannaigh agus lámhscríbhinn ina sheilbh aige, Leabhar Cheanannais. **Tharla** eachtraí móra an scannáin ina dhiaidh sin.

## Freagraí

Tá **cúig cinn** de mhíreanna eolais á lorg anseo. Ná cuirtear an **sampla** san áireamh.
Bronntar **2 mharc** ar gach mír eolais atá ceart. Ó thaobh na marcála de is ionann sin agus cúig cheist.

**2 mharc x 5 = 10 marc**

| | | |
|---|---|---|
| **1.** | **Is / 'Sé / Sé.** | **2** |
| **2.** | **Chloisimid / Chloiseann muid** | **2** |
| | **Chloiseann /** | **(1)** |
| | **muid** | **(1)** |
| | **Cloisimid** | **(1)** |
| **3.** | **Ní ligeann** | **2** |
| | **Ní** | **(1)** |
| | **Ligeann** | **(1)** |
| **4.** | **Tagann** | **2** |
| **5.** | **Tarlaíonn** | **2** |
| | | **10** |

**10**

**B (10 marc)**

Anseo thíos tá cuntas gairid ar na galfóirí óga Leona agus Lisa Maguire.
**Athscríobh na habairtí i do fhreagarleabhar.**

- Líon na bearnaí leis an bhfocal (na focail) is oiriúnaí.
- Scríobh an leagan ceart de na focail/figiúirí atá idir lúibíní.
- Aimsigh ainmfhocal san uimhir uatha san abairt dheireanach agus scríobh i do fhreagarleabhar é.

**Sampla:**. Is galfóirí óga iad, Leona agus Lisa Maguire a bhfuil an-ghealladh **fúthú**.

## Galfóirí Óga Bisiúla

Chuala pobal na hÉireann faoi Leona agus Lisa……………..ar na gaiscí atá déanta acu sa ghalf.
(a) de bharr (b) mar gheall (c) de bhrí (d) toisc

Anuraidh bhain an cúpla cáil amach nuair a d'imir siad sa *Curtis Cup*…………….Stáit Aontaithe.

Thosaigh Leona agus Lisa ag imirt gailf trí thimpiste sa bhliain (2004) ……………..

Bhris Lisa a…………….agus deir a hathair gur thug sí faoin ngalf chun an uillinn a láidriú.
(a) huillinn (b) uillinn (c) n-uillinn (d) uillinne

Níor éirigh sí as an spórt ó shin.

Aimsigh **ainmfhocal** san uimhir uatha san abairt dheireanach sin agus scríobh i do fhreagarleabhar é.

## Freagraí

## Galfóirí Óga Bisiúla

Tá **cúig cinn** de mhíreanna eolais á lorg anseo. Ná cuirtear an **Sampla** san áireamh. Bronntar **2 mharc** ar gach mír eolais atá ceart. Ó thaobh na marcála de is ionann sin agus cúig cheist.

**1.** Chuala pobal na hÉireann faoi Leona agus Lisa **mar gheall** ar na gaiscí atá déanta acu sa ghalf. **2**

**2.** Anuraidh bhain an cúpla cáil amach nuair a d'imir siad sa *Churtis Cup* **sna / insna / leis na / in aghaidh na / i gcoinne na** Stáit Aontaithe. **2**

**3.** Thosaigh Leona agus Lisa ag imirt ghailf trí thimpiste sa bhliain **dhá mhíle is a ceathair**. **2**

| | |
|---|---|
| **dhá mhíle** | **(1)** |
| **agus / is a ceathair** | **(1)** |

**4.** Bhris Lisa a **huillinn** agus deir a hathair gur thug sí faoin ngalf chun an uillinn a láidriú. **2**

**5.** Níor éirigh sí as an spórt ó shin. Ainmfhocal san uimhir uatha = **spórt**. **2**

**10**

**C. 3 = 50**

| ROINN IV | CEAPADÓIREACHT | 50 MARC |
|---|---|---|

**Ceist 3.** Freagair do rogha **ceann amháin** de **A**, **B**, **C**, **D** anseo thíos.
(**Ní gá níos mó ná leathanach go leith a scríobh**)

**Ábhar**: 10 marc. **Gaeilge**: 40 marc. 10 + 40 = 50 marc.

An dáileadh céanna marcanna atá i gceist i ngach rogha in **A, B, C** agus **D**.

I gcás **Roinn IV** thuas bheifí ag súil le coibhneas áirithe idir na marcanna d'ionramháil an ábhair agus na marcanna don chumas Gaeilge.

**A. AISTE**

Scríobh aiste ar do rogha **ceann amháin** de na hábhair seo:

(i) Mar a chaith mé an Nollaig seo caite.
(ii) Peata atá agam.
(iii) An banna ceoil is fearr liom.

**B. SCÉAL / EACHTRA**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Ceap scéal a mbeadh an giota seo thíos oiriúnach mar **thús** leis:
'Ní dhéanfaidh mé dearmad go deo ar an Oíche Shamhna sin…'

(ii) Déan cur síos ar eachtra a tharla agus tú ag imirt cluiche don scoil.

**C. DÍOSPÓIREACHT / ÓRÁID**

Maidir le do rogha **ceann amháin** de na rúin seo thíos scríobh an chaint a dhéanfá i ndíospóireacht scoile ar son an rúin sin *nó* ina aghaidh:

(i) 'Tá saol breá ag daoine óga.'
(ii) 'Is rud maith é dul ar chúrsa Gaeilge sa Ghaeltacht.'

**D. ALT/ BLAG (**do nuachtán nó d'iris**)**

Freagair do rogha **ceann amháin** díobh seo:

(i) Iarradh ort alt a scríobh d'iris na scoile faoi phost samhraidh a bhí agat.
Scríobh ***an t-alt*** a chuirfeá chuig eagarthóir iris na scoile.
(ii) Chaith tú seachtain ag campáil le déanaí. Scríobh cuntas do www.foinse.ie faoi.

# GAEILGE – ARDLEIBHÉAL – PÁIPÉAR II

# FREAGRAÍ

| ROINN I | C. 1= 15 | PRÓS LITEARTHA | 30 MARC |
|---|---|---|---|

**Ceist 1. (15 mharc)**

Léigh an sliocht seo agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leis. **(15 mharc)**
Ní mór ceist **amháin** a roghnú as **A** agus ceist **amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir an **tríú ceist** a roghnú as **A** *nó* as **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

# Focal ar Fhocal


**Cúlra an Scéil**

Is Garda Síochána í Carla de Londra. Tá sí faoi bhrú go mór ina saol. Tá sí scartha óna fear céile, Matt. Tá iníon amháin acu. Bronagh is ainm di. Tá Bronagh ina cónaí le Carla. Bíonn Carla as baile go minic mar gheall ar a cuid oibre. Nuair a bhíonn Carla as baile fanann Bronagh le Matt. Uaireanta ní bhíonn Carla agus Bronagh róshásta lena chéile. Feicimid an míshásamh seo maidin amháin. Bhí ceolchoirm scoile ann agus bhí Bronagh le bheith ag seinm leis an mbanna ceoil ag an gceolchoirm. Chaill sí an seans mar níor thug a máthair ar scoil in am í. Seo mar a tharla an tráthnóna sin.

*****************************************

**1.** Níor labhair Carla ná Bronagh sa charr ar an mbealach abhaile an tráthnóna sin. Pháirceáil Carla an carr lasmuigh den teach. 'Tá brón orm nach rabhamar in am don bhanna ceoil,' a dúirt sí le Bronagh. Lig Bronagh uirthi nár chuala sí í. 'Cén fáth nach ndúirt tú liom go raibh tú ag seinm?' a d'fhiafraigh Carla di. 'Nach cuma leatsa faoi sin?' arsa Bronagh go giorraisc. 'Cad atá i gceist agat leis sin?' arsa Carla agus í ag coinneáil srian ar a cuid feirge. 'Bíonn tú déanach i gcónaí. Tusa agus do phost mór tábhachtach. Bhí na tuismitheoirí eile in am. Bhí m'athair in am. Beidh gach duine ag caint fúm,' a d'fhreagair Bronagh agus an fhéintrua le brath ina glór.

**2.** Bhain caint Bhronagh geit as Carla. Ní raibh sí ag súil leis. Chaill sí smacht uirthi féin agus bhéic sí ar Bhronagh. 'Éist do bhéal, a chailín, agus éist liomsa anois,' a dúirt sí. 'Tá brón orm go raibh mé déanach ach tá saol agamsa freisin chomh maith leatsa. Ní fheiceann tusa rud ar bith ach do shaol beag féin.'




**3.** Thuig Carla go raibh sí ag dul thar fóir leis an gcaint fheargach agus leis an searbhas. Bhí a fhios aici go raibh Bronagh gortaithe mar chonaic sí na deora ar a haghaidh. Ach bhí sé ródhéanach. Lean Carla den sciolladh teanga. 'Sea, tá post mór agam agus 'sea, oibrím go crua. 'Sea, bím déanach uaireanta agus gabh mo leithscéal, a bhanphrionsa ghleoite, mura mbímse ann gach nóiméad de gach lá chun freastal ortsa.'

**4.** Níor thuig Carla cén fáth a raibh sí chomh gránna seo lena hiníon féin. Stán an bheirt acu idir an dá shúil ar a chéile agus chonaic Carla go raibh na deora ar aghaidh Bhronagh triomaithe cheana féin. Chuir an fhéachaint a chonaic sí i súile a hiníne scanradh uirthi. 'Bhuel, a Bhronagh, a chroí, an bhfuil aon rud le rá agat nó ar sciob an cat do theanga?' a d'fhiafraigh Carla agus í ag iarraidh a bheag a dhéanamh den chaint ghéar a rinne sí roimhe sin.

**5.** 'Bíodh an diabhal agatsa agus do phost mór, a Mhaim ghrámhar,' a scairt Bronagh amach in ard a cinn is a gutha. 'Ní haon ionadh gur fhág Daid thú.' Léim sí amach as an gcarr. Phlab sí doras an chairr agus doras an tí ina diaidh. D'fhan Carla sa charr go ceann tamaill. Chaoin sí deora a cinn. Nuair a stad na deora, bhraith sí níos fearr.

**6.** Chuaigh Carla isteach sa teach. Bhí Bronagh sa seomra suite ag féachaint ar *Eastenders*. Rug an bheirt acu barróg ar a chéile agus d'fhan siad mar sin go ceann i bhfad gan focal a rá. Bhí grianghraif de na seanmháithreacha agus de na seanaithreacha ag féachaint anuas ar Charla agus ar Bhronagh ón mballa. Bhí grá agus tuiscint ina súile. Thuig siad go maith na deacrachtaí a bhíonn ag máthair agus iníon óg.

(Sliocht **athchóirithe** as an leabhar ***Trioblóid*** le **Colman Ó Drisceoil**)

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (2 + 2) x 3 = iomlán 12 mharc.
- **Gaeilge**: 3 mharc.

**Gaeilge (OR) +1, 2 nó 3 mharc.**

**Buntuiscint**: (i), (ii) agus (iii) = 2 + 2 = iomlán (4 x 3) = iomlán 12 mharc.
**Léirthuiscint**: (i) dhá shampla = 1 + 1; léiriú = 2 = iomlán 4 mharc.
(ii) dhá chosúlacht = 1 + 1; léiriú = 2 = iomlán 4 mharc.
(iii) críoch shásúil; léiriú = 1 + 1 = iomlán 4 mharc.

- **Gaeilge**: 3 mharc.

**Gaeilge (OR) +1, 2 nó 3 mharc.**

**A ( Buntuiscint )**

**(i)** Luaigh **dhá** phointe eolais faoi shaol pearsanta Charla. (**Cúlra an Scéil**)

- **Tá sí go mór faoi bhrú √** **2**
- **Tá sí scartha óna fear céile √** **2**
- **Tá iníon amháin aici**
- **Tá teannas idir í agus a hiníon**
- **Bíonn sí as baile go minic**
- **Tá sí ina cónaí le Bronagh**
- **Fanann Bronagh le Matt nuair a bhíonn Carla as baile**
- **Is garda síochána í Carla**
- **Deirtear gur Garda Síochána í Carla de Lóndra. Tá sí faoi bhrú go mór ina saol. Tá sí scartha óna fear céile, Matt. Tá iníon amháin acu. Bronagh is ainm di. Tá Bronagh ina cónaí le Carla. Bíonn Carla as baile go minic mar gheall ar a cuid oibre. Nuair a bhíonn Carla as baile fanann Bronagh le Matt. Uaireanta ní bhíonn Carla agus Bronagh róshásta lena chéile.**

**(ii)** Luaigh **dhá** chúis a raibh Bronagh míshásta le Carla. (**Cúlra an Scéil & Alt 1)**

- **Níor thug Carla Bronagh ar scoil in am don cheolchoirm √** **2**
- **Shíl Bronagh go mbeadh gach duine ag caint fúithi √** **2**
- **Bhí a máthair déanach i gcónaí**
- **Bhí na tuismitheoirí eile in am**
- **Bhí a hathair in am**
- **Bhí gach duine eile ann**
- **Mar bhí ceolchoirm scoile ann agus bhí Bronagh le bheith ag seinm leis an mbanna ceoil ag an gceolchoirm. Chaill sí an seans mar níor thug a máthair ar scoil in am í**
- **Mar bíonn a máthair déanach i gcónaí. Tusa agus do phost mór tábhachtach. Bhí na tuismitheoirí eile in am. Bhí m'athair in am. Beidh gach duine ag caint fúm**
- **Tá Carla róthógtha lena post mór tábhachtach.**

**(iii)** Luaigh **dhá** phointe a léiríonn go raibh a fhios ag Carla go raibh Bronagh gortaithe. (**Alt 3 & 5**)

- **Chonaic sí na deora ag sileadh uaithi √** **2**
- **Dúirt Bronagh, 'Bíodh an diabhal agatsa agus do phost mór' √** **2**
- **Dúirt Bronagh 'Ní haon ionadh gur fhág Daid thú'**
- **Léim sí amach as an gcarr**
- **Phlab sí doras an chairr ina diaidh**
- **Phlab sí doras an tí ina diaidh.**

**B ( Léirthuiscint Ghinearálta )**

**(i)** Tabhair **dhá** shampla de chaint fheargach ón scéal. (1 + 1)
I gcás ceann **amháin** díobh, mínigh a bhfuil i gceist ann. (2mharc)

**Carla:**

- **'Éist do bhéal a chailín agus éist liomsa anois'** √ **1**

**Míniú:** **Dúirt a máthair le Bronagh a bheith ciúin agus éisteacht léi** √ **2**

- **'Tá saol agamsa freisin chomh maith leatsa'**
- **'Ní fheiceann tusa rud ar bith ach do shaol beag féin'**
- **'Gabh mo leithscéal, a bhanphrionsa ghleoite, mura a mbímse ann gach nóiméad de gach lá chun freastal ortsa'**
- **'Tá brón orm go raibh mé déanach ach tá saol agamsa freisin chomh maith leatsa'.**

**Bronagh***:*

- **' Nach cuma leatsa faoi sin?'** √ **1**

**Míniú:** **Ní raibh aon suim ag máthair Bhronagh in aon rud a bhí le rá aici** **(2)**

- **'Bíonn tú déanach i gcónaí'**
- **'Tusa agus do phost mór tabhachtach'**
- **'Bhí na tuismitheóirí eile in am'**
- **'Bhí m'athair in am'**
- **'Bíodh an diabhal agatsa agus do phost mór a Mhaim ghrámhar'**
- **'Ní haon ionadh gur fhág Daid thú'.**

**(ii)** Luaigh **dhá chosúlacht** idir Carla agus Bronagh sa scéal.
I gcás ceann **amháin** díobh mínigh a bhfuil i gceist ann.

***Ní raibh siad go deas le chéile:*** √ **1**

**Míniú**:

- **Bhéic Carla ar Bhronagh** √ **2**
- **Léim Bronagh amach as an gcarr**
- **Phlab Bronagh doras an chairr agus doras an tí ina diaidh**
- **Léiríonn an bheirt acu fearg ina gcuid cainte.**

***Ní raibh siad cairdiúil:*** √ **1**

**Míniú**:

- **Bhéic Carla ar Bhronagh** **(2)**
- **Léim Bronagh amach as an gcarr**
- **Phlab Bronagh doras an chairr agus doras an tí ina diaidh**
- **Léiríonn an bheirt acu fearg ina gcuid cainte.**

***Is daoine teasaí / feargach / corraithe iad.***

**Míniú**:

- **Bhéic Carla ar Bhronagh**
- **Léim Bronagh amach as an gcarr**
- **Phlab Bronagh doras an chairr agus doras an tí ina diaidh**
- **Léiríonn an bheirt acu fearg ina gcuid cainte.**

*Tá blás den bhféintrua ina gcuid cainte*.

**Míniú**:

- **'Beidh gach duine ag caint fúm' (Bronagh)**
- **'Tá saol agamsa freisin chomh maith leatsa' (Carla).**

***Maslaíonn siad a chéile / Gortaíonn siad a chéile.***
**Míniú**:

- **'Ní fheiceann tusa rud ar bith ach do shaol beag féin' (Carla)**
- **'Ní haon ionadh gur fhág Daid thú' (Bronagh).**

***Tá tuiscint agus comhbhá eatarthu***.
**Míniú**:

- **Gan oiread is focal a rá rug an bheirt acu barróg ar a chéile.**

***Tá fadhbanna cumarsáide ag an mbeirt acu.***
**Míniú**:

- **Tá deacrachtaí ag an mbeirt acu a gcuid mothúchán a chur in iúl ar bhealaí atá béasach agus réasúnta**
- **Feictear sin go soiléir ag tús agus ag deireadh an scéil. Bhí siad ina dtost sa charr i dtús báire agus rug siad barróg ar a chéile sa seomra suite gan focal a rá lena chéile. Téann an bheirt acu i dtuilleamaí an tsearbhais agus an mhasla lena gcuid frustrachas a léiriú.**

***Tá siad searbhasach.***
**Míniú**:

- **'A bhanphrionsa ghleoite, a dúirt Carla go searbhasach**
- **'A Mhaim ghrámhar, a dúirt Bronagh go searbhasach**
- **'Ní fheiceann tusa rud ar bith ach do shaol beag féin' (Carla)**
- **'Ní haon ionadh gur fhág Daid thú' (Bronagh).**

**(iii)** An dóigh leat go bhfuil críoch an scéil sásúil? Luaigh **dhá** chúis le do fhreagra.
Freagra ag aontú nó ag easaontú le tuairim na ceiste. Ansin dhá phointe réasúnta ag tacú leis sin.

*Tá an críoch sásúil mar*
**Míniú**:

- **Tagann Carla agus Bronagh ar réiteach √** **2**
- **Tá dóchas go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí amach anseo √** **2**
- **Rug siad barróg ar a chéile**
- **Thuig siad na deacrachtaí a bhíonn ag máthair agus iníon óg**
- **Bhí grá agus tuiscint ina súile**
- **Is breá le Bronagh Eastenders agus is maith liomsa Eastenders**
- **Tá tagairt do na seantuismitheoirí.**

***Níl an críoch sásúil mar***
**Míniú**:

- **Níl aon ábhar macnamh fágtha don léitheoir**
- **Tá deireadh an scéil rómhaoithneach dar liom**
- **Tá críoch ró-obann ar an scéal**
- **Is breá le Bronagh Eastenders agus is fuath liomsa Eastenders**
- **Tá tagairt do na seantuismitheoirí.**

**15**

**C. 2 = 15**

**Ceist 2.** Freagair **A** *nó* **B** anseo. Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh. **(15 mharc)**

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an tsaothair** 1 mharc.
**Ainm an údair** 1 mharc.

**A (ii)** *agus* **B (ii)** **Ábhar**: 5 mharc.
**Gaeilge**: 8 marc.
**A *nó* B: 1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.**

**A**

**(i)** Ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna ábhair i gceist ann is atá sa sliocht i g**Ceist 1.**

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin gcineál sin *ábhair*.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil sa sliocht i g**Ceist 1** faoin *ábhar* úd agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa saothar atá ainmnithe agat.

**An cineál céanna ábhair**:

- Daoine nach raibh go deas le chéile
- Clann / fadhbanna clainne
- Máthair /athair
- Seandaoine
- Duine óg / daoine óga
- Brón
- Fearg
- Grá
- Eagla
- Dóchas
- Féintrua
- Míthuiscint
- Troid / argóint
- Masla / gortú
- Caitheamh aimsire
- Slite beatha
- Tuismitheoirí scartha óna chéile.
- Searbhas
- Brú
- Ceol
- Teilifís
- Drochchaidre

**B**

**(i)** Maidir le do rogha **ceann amháin** de *na téamaí* seo a leanas, ainmnigh gearrscéal Gaeilge *nó* úrscéal Gaeilge *nó* dráma Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil
*an téama* sin i gceist ann.

Ní mór teideal an tsaothair sin, mar aon le hainm an údair, a scríobh síos go soiléir.

(a) Naimhdeas (b) Grá (c) Áthas

(d) Díomá (e) Brón (f) Saint

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa saothar sin faoin *téama* atá roghnaithe agat.

**Nóta**: I gcás **A** *nó* **B** thuas, tá cead agat chomh maith dráma Gaeilge a ainmniú ar ghlac tú páirt ann le linn do chúrsa.

**15**

**ROINN II** **C. 3 = 15** **FILÍOCHT** **30 MARC**

**Ceist 3**. Léigh an dá dhán thíos agus freagair **trí cinn** de na ceisteanna a ghabhann leo. **(15 mharc)**
Ní mór **ceist amháin** a roghnú as **A** agus **ceist amháin** a roghnú as **B**.
Is féidir **an tríú ceist** a roghnú as **A** *nó as* **B**. Ní gá níos mó ná **leathanach** a scríobh.
*Bíodh na freagraí i d'fhocail féin, chomh fada agus is féidir leat.*

### Tráthnóna Aoine i Mí na Bealtaine

Tráthnóna Aoine i mí na Bealtaine,
mé i mo shuí i gcúl an tseomra ranga,
an ghrian go hard sa spéir gheal ghorm;
lon dubh ar ghéag crainn lasmuigh

ag ceol is ag ceiliúradh a shaoil le fonn.
Seanchlog os cionn an chláir dhuibh
lena aghaidh mhór oscailte bhuí
ag féachaint anuas go tuisceanach orm.

'Tóg bog é, go réidh, go réidh',
a deir buillí an chloig liom i gcogar
agus gluaiseann a lámha go ciúin,
gan strus, gan straidhn, gan deifir.

Tá rang Matamaitice faoi lán seoil,
an múinteoir ag obair go dícheallach,
deora allais ag bailiú ar a aghaidh,
é ag freagairt ceiste go foighneach.

Idir codladh is dúiseacht atá mé féin,
mo bhrionglóidí deireadh seachtaine
ag fás is ag bláthú i dteas na gréine,
tráthnóna Aoine i mí na Bealtaine.

*le* **Pilib Ó Brádaigh**

**Gluais**
**L.12:** gan strus, gan straidhn: gan trioblóid
**L.13 :** faoi lán seoil: ar siúl

### Cúraimí Tí

Maim ar an idirlíon
ar thóir eitiltí saora;
beidh sí féin agus Daid
ag dul go Meiriceá.

Daid sa chistin
ag ullmhú béile
ó eolas a fuair sé
ó chlár teilifíse.

Mo dheartháir Eoin
ina sheomra thuas staighre
ag sioscadh le Brigita
le cuidiú ó *Skype*.

An cat is an madra
ina gciseáin cois tine,
ina gcodladh go sámh
ar mhuir na dtaibhreamh.

Mé féin agus Síle
ag léamh iriseán
faoi réaltaí ceoil
's réaltaí scannán.

*le* **Róise Ní Ghráda**

**Gluais**
**L.2:** ar thóir: ag lorg, ag iarraidh
**L.11:** sioscadh: caint os íseal
**L.16:** muir: farraige
**L.16:** taibhreamh: brionglóid

**Ceist 3. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

- **Tuiscint**: 4 mharc (4 x 3) = 12 mharc.
- **Gaeilge**: 3 mharc.

**Gaeilge (OR) + 1, 2 nó 3 mharc.**

Buntuiscint: 2 + 2 = (i) (ii) agus (iii) = iomlán (4 x 3 = 12 mharc).
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (i): (a) 2 (b) 2 = 4 mharc.
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (ii): 2 + 2 = 4 mharc.
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (iii): 2 + 2 = 4 mharc.

Léirthuiscint: 2 + 2 = (i) (ii) agus (iii) = iomlán (4 x 3 = 12 mharc).
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (i): (a) 2 (b) 1 + 1 = 4 mharc.
Tá **dhá** fhocheist (a) agus (b), le freagairt i gcás ceiste (ii): (a) 2 (b) 1 + 1 = 4 mharc.
Tá **dhá** mhír eolais á lorg i gcás ceiste (iii): mír a haon 2 + mír a dó 1 + 1 = 4 mharc.

- Gaeilge: 3 mharc.

**Gaeilge (OR) + 1, 2 nó 3 mharc.**

**A (Buntuiscint)**

**(i)** (a) Cá bhfuil imeachtaí an dáin *Tráthnóna Aoine i Mí na Bealtaine* suite?

- **Sa scoil √** **2**
- **Sa seomra ranga**
- **Sa rang Matamaitice**
- **I gcúl an tseomra ranga.**

(b) Cá bhfuil imeachtaí an dáin *Cúraimí Tí* suite?

- **Sa teach √** **2**
- **Sa bhaile**
- **Sa chistin**
- **Thuas staighre**
- **Aon rud bainteach leis an teach.**

**(ii)** Cen t-eolas a fhaighimid faoin gclog a sa dán *Tráthnóna Aoine i Mí na Bealtaine?*
Luaigh **dhá** phointe eolais.
**Dhá** cheann as na cinn seo a leanas:

- **Is seanchlog é / seanchlog √** **2**
- **Tá sé os cionn an chláir dhuibh √** **2**
- **Ta sé ag féachaint go tuisceanach ar an bhfile**
- **Tá aghaidh mhór chiallmhar bhuí aige (2 + 2)**
- **Ta sé ag rá leis na daltaí/leis an bhfile an saol a thógáil go bog réidh**
- **Níl aon deifir ar lámha an chloig**
- **Tá sé gan strus, gan straidhn, gan deifir. (2 + 2)**

**(iii)** Cen t-eolas a fhaighimid faoi na tuismitheoirí sa dán *Cúraimí Tí?*
Luaigh **dhá** phointe eolais.

**Dhá** cheann as na cinn seo a leanas:

- **Tá an bheirt acu sa bhaile √** **2**
- **Ta an bheirt acu ag obair / gnóthach / cruógach √ (2 + 2)** **2**
- **Tá Maim ar an idirlíon ag lorg eitiltí saora**
- **Tá Maim ag lorg eitiltí saora**
- **Beidh siad ag dul go Meiriceá**
- **Tá Daid ag ullmhú béile sa chistin 7rl**
- **Fuair Daid eolas ón teilifís.**

**B (Léirthuiscint Ghinearálta)**

**(i)** (a) Cad é *téama* an dáin *Tráthnóna Aoine i Mí na Bealtaine*?

- **saol na scoile √** **2**
- **saol an dalta scoile**
- **an saol sa seomra ranga**
- **an scoil**
- **ag tnúth leis an deireadh seachtaine**
- **ag tnúth le saoie an tsamhraidh**
- **tráthnóna Dé hAoine sa scoil**

(b) Conas a léirítear *an téama* sin sa dán? Is leor **dhá** phointe eolais.

- **Is é an dalta scoile atá ag caint sa dán √ 1**
- **Is é an rang Matamaitice atá ar siúl √ 1**
- **Tá an múinteoir ag obair go dian**
- **Tráthnóna Aoine atá ann i mí na Bealtaine. Tá an tráthóna te, an ghrian ag taitneamh, an múinteoir ag cur allais, an dalta leath ina chodladh**
- **Cloiseann an dalta londubh ag canadh. Tá an dalta ag súil leis an deireadh seachtaine**
- **Mothaímid go bhfuil atmaisféar deas sona sa rang**
- **Tá an múinteoir foighneach agus samhlaíonn an file freisin go bhfuil an clog ar an mballa ag cur comhairle a leasa air**
- **Mothaítear meascán de mhothúcháin sa dán: áthas agus sonas, an deireadh seachtaine ag teacht, an samhradh linn; brú na hoibre ag an tráth seo bliana; mífhoighne an dalta, ba mhaith leis go n-imeodh an t-am níos tapúla.**

**(ii)**

(a) Cad é *téama* an dáin *Cúraimí Tí?*

- **An Chlann / Saol na clainne √ 2**
- **Saol an teaghlaigh / obair an tí**
- **Caitheamh aimsire**
- **Peataí.**

(b) Conas a léirítear *an téama* sin sa dán? Is leor **dhá** phointe eolais.

- **Feicimid anseo an teaghlach sa bhaile, sa tráthnóna is dócha. √ 1**
- **Cuirtear saol atá sona os ar gcomhair. Tá gach duine ag déanamh a rogha rud féin, Maim ar an idirlíon, Daid sa chistin, Eoin ag caint lena chailín ar an bhfón idirlín, an file agus a cara ag léamh iriseán faoi cheol réalta cheoil agus scannán, na peataí tí ina gcodladh cois na tine √ 1**
- **Ní mhothaímid aon teannas sa teach. Tá a spás féin ag gach duine.**

**(iii)** Cén saghas duine atá ag caint sa dán *Tráthnóna Aoine i Mí na Bealtaine* **nó** sa dán *Cúraimí Tí?* Tabhair **dhá** phointe eolais mar thacaíocht le do fhreagra.

## Tráthnóna Aoine i Mí na Bealtaine

**Is dalta scoile é / is duine óg é / is déagóir é √ 2**

- **Is duine géarchúiseach é: dhá shampla √ 1+1**
- **Is dalta béasach tuisceanach é: dhá shampla**
- **Is duine goilliúnach/fileata é: dhá shampla**
- **Is duine é an file a bhfuil samhlaíocht fhairsing aige: samplaí**
- **Duine leisciúil: dhá shampla**
- **Duine brionglóideach: dhá shampla.**

## Cúraimí Tí

**Is duine de na páistí sa teaghlach í**

- **Tá sí gonta: dhá shampla**
- **Is duine sona í: dhá shampla**
- **Is maith léi réalta ceoil agus scannán: dhá shampla**
- **Is maith léi léitheoireacht: dhá shampla**
- **Is maith léi peataí: dhá shampla**
- **Is maith léi saol an teaghlaigh: dhá shampla.**

**C. 4 = 15**

**Ceist 4. (15 mharc)**

Tá trí cheist le freagairt agus iad ar cómharc.

**A (i)** *agus* **B (i)**

**Teideal an dáin** 1 mharc.
**Ainm an fhile** 1 mharc.

**A (ii)** *agus* **B (ii)** **Ábhar**: 5 mharc.
**Gaeilge**: 8 marc.
**A *nó* B: 1 + 1 + 5 + 8 = 15 mharc.**

**Ceist 4**. Freagair **A** *nó* **B** anseo. (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.) **(15 mharc)**

**A**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil an cineál céanna *ábhair* i gceist ann is atá i do rogha ceann **amháin** den dá dhán i **gCeist 1** thuas.

<u>Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir</u>.

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil faoin gcineál sin *ábhair* sa dán atá ainmnithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file os ár gcomhair é.

*nó*

Déan comparáid **ghairid** idir a bhfuil faoin *ábhar* úd sa dán atá roghnaithe agat as **Ceist 1** agus a bhfuil faoin *ábhar* céanna sa dán atá ainmnithe agat.

**An cineál céanna ábhair:**

*Tráthnóna Aoine i Mí na Bealtaine*

- Scoil
- Seomra ranga
- Leadrán
- Scoláire
- Múinteoir
- Atmaisféar deas
- Nádúr
- Duine géarchúiseach
- Samhlaíocht / saol fantasaíochta
- Strus
- Duine óg / daoine óga
- Brón

*Cúraimí Tí*

- Athair
- Máthair
- Mac
- Iníon
- Teaghlach
- Ceol / leitheoireacht / scannáin
- Caitheamh aimsire
- Taisteal
- Idirlíon
- Cócaireacht
- Cumarsáid nua-aimseartha
- Peataí.

**B**

**(i)** Ainmnigh dán Gaeilge (a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa) a bhfuil do rogha **ceann amháin** de *na téamaí* seo thíos ann.

<u>Ní mór teideal an dáin, mar aon le hainm an fhile a chum, a scríobh síos go soiléir.</u>

(a) Grá (b) Bród (c) Brón
(d) Cáil (e) Éad/Formad (f) Foréigean

**(ii)** Tabhair cuntas **gairid** ar a bhfuil sa dán sin faoin *téama* atá roghnaithe agat agus ar an gcaoi a gcuireann an file an *téama* sin os ár gcomhair.

**15**

| ROINN III | C. 5 = 30 | LITIR | 30 MARC |
|---|---|---|---|

**Ceist 5.** Freagair **A** *nó* **B** *nó* **C** anseo thíos: (Ní gá níos mó ná **leathleathanach** a scríobh.)
Tá **A, B** agus **C** ar cómharc.

- **Ábhar**: 13 mharc.
- **Gaeilge**: 17 marc.

**13 + 17 = 30 marc.**

## Treoracha maidir le dáileadh marcanna:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Na Foirmlí Ceiliúrtha:** | **Seoladh:** | 1 mharc. |
| | | **Beannú:** | 1 mharc. |
| | | **Críoch:** | 1 mharc. |

Tabhair faoi deara go bhfuil cúig thasc le comhlíonadh i ngach cás. Léigh an litir ó thús deireadh agus breac síos P1, P2, P3, P4, P5 ar an litir féin ag freagairt do na tascanna éagsúla atá le comhlíonadh. Is mar seo a dhéantar an mharcáil ansin:

| **3.** | **Eolas** | **Gaeilge** |
|---|---|---|
| **Cúig thasc comhlíonta** | Marc **as** 10 | Marc **as** 17 |
| **Ceithre thasc comhlíonta** | Marc **as** 8 | Marc as 14 |
| **Trí thasc comhlíonta** | Marc **as** 6 | Marc **as** 11 |
| **Dhá thasc comhlíonta** | Marc **as** 4 | Marc **as** 8 |
| **Tasc amháin comhlíonta** | Marc **as** 2 | Marc **as** 5 |

- **Eolas:** ‘0’(náid) ar eolas ➔‘0’(náid) ar Ghaeilge.

**5.** Litreacha neamhfhoirmeálata is ea **A** agus **B**. (Beannú; Críoch)

Litir fhoirmeálta is ea **C**. (Beannú; Críoch)

**A**

Ghlac tú páirt i Seó Faisin.
Scríobh litir chuig do chara ag insint di/dó faoi.

I do litir luaigh
- an áit a raibh an Seó Faisin ar siúl
- an fáth a raibh an Seó Faisin ar siúl
- cuntas ar na héadaí faiseanta a chonaic tú
- rud **amháin** faoin Seó Faisin a thaitin leat
- rud **amháin** faoin Seó Faisin nár thaitin leat.

**B**

Bhí tú ag dioscó le déanaí.
Scríobh litir chuig do chara ag insint di/dó faoin dioscó.

I do litir luaigh
- **dhá** rud faoin dioscó a thaitin leat
- **dhá** rud faoin dioscó nár thaitin leat
- socrú éigin chun bualadh le do chara go luath.

**C**

Osclaíodh club óige i do cheantar le déanaí.
Scríobh litir chuig eagarthóir an nuachtáin áitiúil faon gclub óige

I do litir luaigh
- an oscailt oifigiúil
- áiseanna atá sa chlub
- imeachtaí a bhíonn ar siúl sa chlub
- fadhbanna sa chlub
- pointe eolais **eile** faoin gclub.